Cód na Gaeilge Rang 6

Ag Fiosrú Focal

Intreoir

Curaclam Thuaisceart Éireann

Cód na Gaeilge Rang 6
Ag Fiosrú Focal

Intreoir

Is clár é seo a leanann Fónaic na Gaeilge a d'fhoilsigh Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste an chéaduair i 2008. Is é GESO an chéad dream Gaeilge a bhí ag obair leis an mhodh seo agus a chuir tús leis an obair seo sna Gaelscoileanna. D'aithin siad go raibh gá le taighde agus tionscadal iomlán agus is trí Chomhairle na Gaelscolaíochta agus Boird Oideachais Bhéal Feirste a fuarthas maoiniú do bhainisteoir tionscadail le clár fónaice a fhabhrú don Ghaeilge. Fostaíodh bainisteoir tionscadail i 2005 ar bhun iasachta i mBord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste agus cuireadh tús le taighde lena dhéanamh amach cé acu cur chuige fónaice ab fhóirsteanaí d'ortagrafaíocht agus moirfeolaíocht na Gaeilge.

Bhí Linguistic Phonics ar siúl ag lucht litearthachta na mBord do theanga an Bhéarla, clár atá bunaithe ar Phono-Grafix Mheiriceá. Ní clár iomlán sintéiseach é seo sa mhéid is nach gclúdaítear fuaimeanna as comhthéacs. Sa chur chuige seo, déantar fuaimeanna i gcomhthéacs focal agus focal i gcomhthéacs abairte agus céille. Mar gheall ar an dóigh a bhfuil an Ghaeilge déanta, ní féidir fuaimeanna a scaradh ón fhocal nó an focal a scaradh ón abairt. Athraíonn fuaimeanna na Gaeilge ag brath ar na fuaimeanna eile atá thart orthu agus athraíonn focail na Gaeilge ag brath ar na focail eile atá thart orthu. Measadh, mar sin, go raibh an cur chuige seo ag fóirstean don Ghaeilge.

I ndiaidh trí bliana de thrialacha agus de chláir phíolótacha, foilsíodh an comhad Fónaic na Gaeilge (2008). Is í Jacqueline de Brún a rinne an obair seo faoi stiúr An Dochtúir Seán Mac Corraidh agus le comhairle ón Ollamh Dónall Ó Baoill, Ollscoil na Banríona agus Hilary McAvoy, Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste. Socraíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh cleachtóirí agus ionadaithe ó ghrúpaí leasmhara Gaelscolaíochta. Aithníodh gurb iad fuaimeanna na Gaeilge an chéad chéim sa phróiseas seo agus bailíodh fuaimeanna ginearálta Ghaeilge Chúige Uladh le go gcuirfí i rannóga iad don teagasc. Tá na liostaí fuaime seo ar fáil sa chomhad Fónaic na Gaeilge. Tá ceachtanna, gníomhaíochtaí, sleachta léitheoireachta agus cluichí sa chomhad seo chomh maith le níos mó eolais ar an chur chuige agus ar an réasúnaíocht atá leis. Mheas scoileanna a bhí ag úsáid an chomhaid seo go raibh sé róghinearálta agus go raibh gá le clár fónaice agus gníomhaíochtaí cuí do gach bliainghrúpa. Chuige sin, d'éascaigh na Boird Oideachais agus Leabhairlainne fóram de chleachtóirí, Foireann Forbartha Fónaic na Gaeilge, le tús a chur leis an obair seo agus leanadh leis an riachtanas sna pacáistí seo curtha i gcló ag CCEA.

Ní clár foghraíochta é Fónaic na Gaeilge ach tá an fhoghraíocht mar thúsphointe leis na fuaimeanna a rangú ina ngrúpaí. Tá na fuaimeanna i ngrúpaí atá cosúil lena chéile ar mhaithe le ceachtanna teagaisc. Is le heiseamláir an mhúinteora a dhéanfar idirdhealú idir na mionfhuaimeanna. Is foghlaimeoirí Gaeilge an chuid is mó againn agus, is ar an dóigh seo, a thosóimid ag macnamh ar an fhuaimniú atá againn mar fhoghlaimeoirí. Is féidir feabhsú agus caighdeáin a ardú ar an dóigh seo. Chuige sin, mar chainteoirí Gaeilge, is fiú cuairt a thabhairt ar an Ghaeltacht chomh minic agus is féidir, éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus éisteacht le taifid ag cainteoirí Gaeltachta oiread agus is féidir. Tuigtear nach de thógail na Gaeltachta muid ar fad ach tá fuaimeanna ar leith ag an Ghaeilge agus tá contúirt ann go gcuirfear fuaimeanna an Bhéarla ina n-áit. Chomh maith leis sin, má tá múinteoirí agus daltaí na nGaelscoileanna ag fuaimniú focal mar is cóir, beidh sé sin ina chuidiú mór acu sa chaint, sa díchódú léitheoireachta agus i litriú na Gaeilge.

Aithnítear an gá atá le teagasc fónaice mar chuid de theagasc na litearthachta. Is gné amháin de theagasc na litearthachta é seo agus ba chóir na scileanna eile a theagasc agus a dhaingniú mar aon le teagasc fónaice. Ba chóir go mbeadh na ceachtanna seo gairid agus gasta agus iad i gcomhthéacs na léitheoireachta. Ba chóir go mbeadh na daltaí ag fiosrú an eolais seo agus iad ag léamh. Is clár leanúnach struchtúrtha é seo agus tógtar ar an eolas i gcéimeanna agus go gasta. Níl go leor eolais sna luathchéimeanna le bheith ag léamh agus, mar sin, moltar Céim 6 a bhaint amach chomh gasta agus is féidir sa scoilbhliain, go háirithe ó Rang 3 ar aghaidh.

Moltar dúshlán a thabhairt do pháistí san fheasacht fhóineolaíoch i dtús báire. Tosaítear ar an chlár fónaice i gceart, mar sin, i Rang 2. Sa phacáiste do rang 2 tá an obair measartha praiticiúil agus is féidir na gníomhaíochtaí a chur abhaile mar obair bhaile leis an eolas a dhaingniú. Ó Rang 3 ar aghaidh tosaíonn an rang ag dul siar ar na céimeanna 1 go 5 agus ansin cuirtear tús leis na 'liostaí focal' atá i gCéim 6. Sna liostaí seo tá focail ina bhfuil samplaí d'fhuaim áirithe chomh maith le focail radhairc nó na focail a bhíonn ann go minic agus atá riachtanach ag na daltaí ina bhfuil samplaí d'fhuaim áirithe. Ar an dóigh seo, bíonn na daltaí ag foghlaim focal fuaime chomh maith le focail riachtanacha gach seachtain. Cuirtear na liostaí seo abhaile mar obair bhaile. Beidh gníomhaíochtaí bunaithe ar an liosta seo tríd an tseachtain agus ansin scrúdú/triail ar an Aoine. Tá eolas ann ar chód scríofa na Gaeilge chomh maith le gnéithe gramadaí a théann i bhfeidhm ar an chód scríofa agus dóigheanna molta ar an dóigh leis seo a chur roimh na daltaí. Beidh na daltaí ag foghlaim litriú na Gaeilge ach í mínithe ar dhóigh chuimsitheach leanúnach dóibh. Is fiú go mór an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí go luath sa bhliain.

Tá iarracht déanta sa chomhad seo eolas ar chóras scríofa na Gaeilge a chur ar fáil ar dhóigh níos céimnithe agus níos leanúnaí do dhaltaí agus iad ag bogadh ó bhliain go bliain. Tá samplaí níos dúshlánaí ann do gach céim do gach bliainghrúpa agus iad ag bailiú eolais ar an chód ó bhliain go bliain. Tá abairtí ann do dheachtú na seachtaine ag deireadh gach leabhair. Is féidir focail ó na ceachtanna a thabhairt do na daltaí mar dhul siar nuair is mian leat chomh maith. Tá leathanach taifid an mhúinteora ag deireadh gach céime. Ní gá an leathanach seo a líonadh do gach dalta. Níl anseo ach gné amháin den litearthacht, mar sin, ní pictiúr iomlán é seo de dhul chun cinn an dalta. Faoin am a mbeidh na daltaí ag feidhmiú ag Céim 6 sa chlár beidh meascán d'fhocail fuaime agus d'fhocail radhairc ann. Bheadh níos mó eolais don leathanach taifid ann ag an leibhéal seo.

Is i gcomhar le CCEA a d'fhorbair Jacqueline de Brún an pacáiste seo ag freagairt don riachtanas ar leith a léirigh na scoileanna féin.

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning